

Bliain 6 & Bliain 7

# Intreoir do na hAonaid Théamacha 6 & 7



# Aonaid Théamacha

Cuireann na Smaointe le Foghlaim a Nascadh (SFNanna) réimse leathan de roghanna teagaisc agus foghlama ar fáil do mhúinteoirí. Aithnímid, áfach, go mbeidh ar mhúinteoirí go fóill féin deiseanna ar leith teagaisc agus foghlama a roghnú, a oiriúnú agus a phleanáil dá rang. Cuireann na hAonaid Théamacha leis na SFNanna agus léiríonn a sholúbtha is atá siad. I ngach ceann de na haonaid, tá deiseanna struchtúrtha foghlama agus teagaisc is féidir a theagasc thar thréimse sé seachtaine.

Díríonn gach ceann de na haonaid ar:

- Ceann amháin de chuspóirí Churaclam Thuaisceart Éireann; agus
- Gné amháin de Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta.

Maidir leis na hAonaid Théamacha:

- Spreagfaidh siad páistí le naisc a dhéanamh trasna na Réimsí Foghlama uilig;
- Bainfidh siad úsáid as straitéisí Foghlama Gníomhacha;
- Cuirfidh siad deiseanna ar fáil le measúnú a dhéanamh ar scileanna Cumarsáide, Úsáid na Matamaitice agus Úsáid TFC; agus
- Soláthróidh siad prionsabail Mheasúnaithe chun Foghlama.

Tá eochaircheisteanna mar chuid de na hAonaid Théamacha a chuideoidh le foghlaim na bpáistí a dhíriú.



# Na hAonaid Théamacha agus Cuspóirí Churaclam Thuaisceart Éireann

Tá cuspóirí Churaclam Thuaisceart Éireann ann le cuidiú le daoine óga bheith ag forbairt mar dhaoine aonair agus lena gcion féin a dhéanamh don tsochaí, don gheilleagar agus don chomhshaol.

Tá achoimre ghearr sa tábla thíos ar gach ceann de na hAonaid Théamacha agus ar an bhaint atá acu le cuspóirí an churaclaim.

Aonad Téamach	Smaointe le Foghlaim a Nascadh	Cuspóir Churaclam Thuaisceart Éireann	Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta	Réimsí Foghlama
Bogaimis Linn!	Smaointeoireacht Tríd an Aimsir Chaite	An duine óg a fhorbairt mar dhuine aonair	<i>Bheith Cruthaitheach</i>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Na hEalaíona; agus</li> <li>• An Domhan Thart Orainn</li> </ul>
Cothrom go Leor?	Iontas an Domhain	An duine óg a fhorbairt lena chion a dhéanamh don tsochaí.	<i>Smaointeoireacht, Fadhréiteach, agus Cinnteoireacht</i>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Teanga agus Litearthacht;</li> <li>• Matamaitic agus Uimhearthacht;</li> <li>• Forbairt Phearsanta agus Comhthuisct;</li> <li>• An Domhan Thart Orainn; agus</li> <li>• Na hEalaíona.</li> </ul>
Cliste le hAirgead	Riachtanais agus Teastálacha	An duine óg a fhorbairt lena chion a dhéanamh don gheilleagar agus don chomhshaol.	<i>Bainistiú Faisnéise</i>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Matamaitic agus Uimhearthacht;</li> <li>• Forbairt Phearsanta agus Comhthuisct;</li> <li>• An Domhan Thart Orainn; agus</li> <li>• Na hEalaíona.</li> </ul>
Is Túisce Beart ná Briathra	Timpeall An Domhain	An duine óg a fhorbairt lena chion a dhéanamh don gheilleagar agus don chomhshaol.	<i>Bainistiú Faisnéise</i>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• An Domhan Thart Orainn;</li> <li>• Forbairt Phearsanta agus Comhthuisct;</li> <li>• Teanga agus Litearthacht;</li> <li>• Matamaitic agus Uimhearthacht;</li> <li>• Na hEalaíona</li> </ul>
Tionchar	Éicealaochra	An duine óg a fhorbairt lena chion a dhéanamh don gheilleagar agus don chomhshaol.	<i>Smaointeoireacht, Fadhréiteach, agus Cinnteoireacht</i>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• An Domhan Thart Orainn;</li> <li>• Forbairt Phearsanta agus Comhthuisct;</li> <li>• Teanga agus Litearthacht;</li> </ul>

# Bogaimis Linn!

Tá an tAonad Téamach seo ceangailte le *Smaointeoireacht Tríd an Aimsir Chaite*, SFN Blianta 6&7. Fiosraítear téama na Victeoiriach trí chomhthéacs an damhsa cruthaithigh le cuidiú le páistí dearcadh dearfach ar ghníomhaíocht choirp agus ar thacaíocht le stíl mhaireachtála ghníomhach a fhorbairt.

Tá an t-aonad seo ina thaca le ceann de na heochairghnéithe is bun le haidhmeanna agus le cuspóirí Churaclam Thuaisceart Éireann, mar atá, **Sláinte Phearsanta**, sa mhéid go gcuidíonn sé le páistí tuiscint a fhorbairt ar thábhacht na haclaíochta i stíl mhaireachtála shláintiúil. I gcuid mhór de na gníomhaíochtaí, spreagtar páistí le bheith ag obair go praiticiúil agus go cruthaitheach le páistí eile, agus le smaointe

agus le tuairimí páistí eile a roinnt, agus a luach a thabhairt dóibh.

Beidh deis ag páistí cuid de na scileanna a chomhlíonann riachtanais Churaclam Thuaisceart Éireann ag Eochairchéim 2 a fhorbairt. Tugtar achoimre ar fhócas an aonaid thíos:

<b>Cuspóir Churaclam Thuaisceart Éireann</b>	An duine óg a fhorbairt mar dhuine aonair.
<b>Croíghné</b>	<i>Sláinte Phearsanta</i>
<b>Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta</b>	Díríonn an tAonad Téamach seo ar <b>Bheith Cruthaitheach</b> . Beidh deiseanna ag páistí: <ul style="list-style-type: none"><li>• <i>Smaointe agus ceisteanna a thriail;</i></li><li>• <i>Naisc nua a dhéanamh idir smaointe/eolas;</i></li><li>• <i>Foghlaim ó smaointe daoine eile agus a luach a thabhairt dóibh; agus</i></li><li>• <i>Smaointe a fhíorú trí thriail a bhaint as gníomhartha éagsúla.</i></li></ul> Beidh deiseanna fosta ag páistí scileanna a bhaineann le <i>Ag Obair le Daoine Eile</i> agus le <i>Smaointeoireacht, Fadhbriteach agus Cinnteoireacht</i> a fhorbairt.
<b>Scileanna Traschuraclaim</b>	Dírítear aird ar chuspóirí foghlama a bhaineann le scileanna traschuraclaim, nuair is cuí. Is iad seo na scileanna traschuraclaim: <ul style="list-style-type: none"><li>• Cumarsáid (Cum);</li><li>• Úsáid na Matamaitice [ÚMata]; agus</li><li>• Úsáid TFC [ÚTFC]</li></ul>
<b>An Fhoghlaim a Nascadh</b>	San Aonad Téamach seo beidh deiseanna ag múinteoirí an fhoghlaim a nascadh trasna na Réimsí Foghlama seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"><li>• Na hEalaíona; agus</li><li>• An Domhan Thart Orainn.</li></ul>
<b>Aidhm</b>	Tá d'aidhm ag an Aonad Téamach seo páistí a spreagadh: <ul style="list-style-type: none"><li>• Eolas, scileanna agus tuiscint i réimse gníomhaíochtaí agus dúshlán fisiceach a fhorbairt;</li><li>• Scileanna smaointeoireachta trí réimse comhthéacsanna gluaiseachta a fhorbairt; agus</li><li>• Tréithe pearsanta a fhorbairt, mar shampla freagracht a ghlacadh, cothroime, bheith ag obair le daoine eile agus ceannasaíocht.</li></ul>

# Cothrom go Leor?

Tá an tAonad Téamach seo ceangailte le *lontas an Domhain*, SFN Blianta 6&7. San aonad seo, beidh deis ag páistí bheith ag smaoineamh go criticiúil ar an domhan, a ilchineálacht a fhiosrú agus a nádúr idirspleách a thuiscint.

Trí na gníomhaíochtaí, spreagtar páistí chun coincheap na Cóirthrádála a fhiosrú agus na ról atá ag daoine a bhfuil baint acu le táirgeadh tráchtarraí atá cothrom do gach duine a chur i gcomparáid lena ról féin mar thomhaltóirí sa tsochaí.

Beidh deis ag páistí cuid de na scileanna a chomhlíonann riachtanais Churaclam Thuaisceart Éireann ag Eochairchéim 2 a fhorbairt. Tugtar achoimre ar fhócas an aonaid thíos:

<b>Cuspóir Churaclam Thuaisceart Éireann</b>	An duine óg a fhorbairt mar rannpháirtí sa tsochaí.
<b>Croíghné</b>	<i>Eolach ar Chúrsaí Eitice</i>
<b>Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta</b>	Díríonn an tAonad Téamach seo ar <b>Smaointeoireacht, Fadhbriteach agus Cinniteoireacht</b> . Beidh deiseanna ag páistí: <ul style="list-style-type: none"><li>• <i>Fianaise a scrúdú agus an difear idir fóras agus barúil a aithint;</i></li><li>• <i>Naisc idir cúis agus iarmhairt a dhéanamh; agus</i></li><li>• <i>Roghanna a scrúdú, ag cur gnéithe ina leith agus ina n-éadan idir dhá cheann na meá.</i></li></ul> Beidh deiseanna fosta ag páistí scileanna a bhaineann le <i>Bheith Cruthaitheach</i> agus le <i>Ag Obair le Daoine Eile</i> a fhorbairt.
<b>Scileanna Traschuraclaim</b>	Dírítear aird ar chuspóirí foghlama a bhaineann le scileanna traschuraclaim, nuair is cuí. Is iad seo na scileanna traschuraclaim: <ul style="list-style-type: none"><li>• Cumarsáid (Cum);</li><li>• Úsáid na Matamaitice [ÚMata]; agus</li><li>• Úsáid TFC [ÚTFC]</li></ul>
<b>An Fhoghlaim a Nascadh</b>	San Aonad Téamach seo beidh deiseanna ag múinteoirí an fhoghlaim a nascadh trasna na Réimsí Foghlama seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"><li>• Teanga agus Litearthacht;</li><li>• Matamaitic agus Uimhearthacht;</li><li>• Na hEalaíona;</li><li>• Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint; agus</li><li>• An Domhan Thart Orainn.</li></ul>
<b>Aidhm</b>	Tá d'aidhm ag an Aonad Téamach seo páistí a spreagadh: <ul style="list-style-type: none"><li>• Eolas a fhorbairt ar an éagothroime atá ann sa domhan;</li><li>• Eolas a fhorbairt ar mhórchéistean domhanda agus tuiscint a bheith acu ar an dóigh a dtéann siad seo i bhfeidhm ar a saol; agus</li><li>• Féinmheas agus meas do dhaoine eile a fhorbairt trí thuiscint níos fearr a bheith acu ar chultúir eile.</li></ul>



# Cliste le hAirgead

Tá an tAonad Téamach seo ceangailte le *Riachtanais agus Teastálacha*, SFN Blianta 6&7. San aonad seo, cuirfear ar chumas páistí dearthaí deimhneacha a chothú maidir le cinnteoireacht airgeadais.

Beidh páistí ag foghlaim faoi chinnteoireacht airgeadais agus ag machnamh ar an dóigh le hairgead a chaitheamh. Foghlaimeoidh páistí gur féidir áiseanna a dháileadh ar dhóigheanna éagsúla agus go mbaineann iarmhairtí aonair, sóisialta agus comhshaoil leis an chinnteoireacht seo.

Beidh deis ag páistí cuid de na scileanna a chomhlíonann riachtanais Churaclam Thuaisceart Éireann ag Eochairchéim 2 a fhorbairt. Tugtar achoimre ar fhócas an aonaid thíos:

<b>Cuspóir Churaclam Thuaisceart Éireann</b>	An duine óg a fhorbairt mar rannpháirtí sa gheilleagar agus sa chomhshaoil.
<b>Croíghné</b>	<i>Eolach ar Chúrsaí Eacnamaíochta</i>
<b>Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta</b>	Díríonn an tAonad Téamach seo ar <b>Bhainistiú Faisnéise</b> . Beidh deiseanna ag páistí: <ul style="list-style-type: none"> <li>• <i>Faisnéis a rangú, a chur i gcomparáid agus a mheas;</i></li> <li>• <i>Modhanna le faisnéis a chomhordú agus a thaifeadadh; agus</i></li> <li>• <i>Ceisteanna is doimhne agus is leithne a chur le tasc a shoiléiriú.</i></li> </ul> <p>Beidh deiseanna fosta ag páistí scileanna a bhaineann le <i>Smaointeoireacht, Fadhbbréiteach agus Cinnteoireacht</i> agus i <i>Ag Obair le Daoine Eile</i>.</p>
<b>Scileanna Traschuraclaim</b>	Dírítear aird ar chuspóirí foghlama a bhaineann le scileanna traschuraclaim, nuair is cuí. Is iad seo na scileanna traschuraclaim: <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cumarsáid [Cum];</li> <li>• Úsáid na Matamaitice [ÚMata]; agus</li> <li>• Úsáid TFC [ÚTFC]</li> </ul>
<b>An Foghlaim a Nascadh</b>	San Aonad Téamach seo beidh deiseanna ag múinteoirí an fhoghlaim a nascadh trasna na Réimsí Foghlama seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> <li>• Mhatamaitic agus Uimhearthacht;</li> <li>• Forbairt Phearsanta agus Comhthuisct; agus</li> <li>• Na hEalaíona; agus</li> <li>• An Domhan Thart Orainn.</li> </ul>
<b>Aidhm</b>	Tá d'aidhm ag an Aonad Téamach seo páistí a spreagadh: <ul style="list-style-type: none"> <li>• Na scileanna cinnteoireachta airgeadais a fhorbairt agus a bheith níos freagraí i gcúrsaí airgeadais;</li> <li>• A smaointeoireacht a fhorbairt trí réimse dúshlán fadhbréitigh agus cinnteoireachta a nascann a dtaithí féin leis an domhan mór;</li> <li>• Eolas, tuiscint agus scileanna airgeadais a chur i bhfeidhm i réimse comhthéacsanna; agus</li> <li>• Tuiscint a bheith acu ar an dóigh ar féidir le cinntí airgeadais dul i bhfeidhm ní amháin orthu féin ach ar a bpobal scoile agus ar a dteaghlach.</li> </ul>

# Is Túisce Beart Ná Briathra

Tá an tAonad Téamach seo ceangailte le *Timpeall an Domhain*, SFN Blianta 6&7. San aonad seo, beidh páistí ag fiosrú saol daoine eile nach bhfuil an t-ádh céanna leo féin orthu. Agus seo ar bun acu, foghlaimeoidh siad faoin obair dheonach a dhéanann daoine agus faoin ról acu domhan is fearr a chothú.

Má ghactar chur chuige fiontrach spreagfar páistí deiseanna a shainaithint mar ar féidir leo difear a dhéanamh trí ócáid a eagrú chun airgead a bhailiú don charthanacht dá rogha féin.

Beidh deis ag páistí cuid de na scileanna a chomhlíonann riachtanais Churaclam Thuaisceart Éireann ag Eochairchéim 2 a fhorbairt. Tugtar achoimre ar fhócas an aonaid thíos:

<b>Cuspóir Churaclam Thuaisceart Éireann</b>	An duine óg a fhorbairt le páirt a ghlacadh sa gheilleagar agus sa chomhshaol.
<b>Croíghné</b>	<i>Infhostaitheacht</i>
<b>Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta</b>	Díríonn an tAonad Téamach seo ar <b>Bhainistiú Faisnéise</b> . Beidh deiseanna ag páistí: <ul style="list-style-type: none"><li>• <i>Faisnéis a rangú, a chur i gcomparáid agus a mheas;</i></li><li>• <i>Modhanna a fhorbairt le faisnéis a chomhordú agus a thaifeadadh; agus</i></li><li>• <i>Tuiscint a bheith acu ar spriocghrúpa agus chuspóir</i></li></ul> Beidh deiseanna ag páistí chomh maith scileanna <i>Smaointeoireachta, Fadhbriteach agus Cinnteoireacht</i> agus <i>Ag Obair le Daoine Eile</i> a fhorbairt.
<b>Scileanna Traschuraclaim</b>	Dírítear aird ar chuspóirí foghlama a bhaineann le scileanna traschuraclaim, nuair is cuí. Is iad seo na scileanna traschuraclaim: <ul style="list-style-type: none"><li>• Cumarsáid (Cum);</li><li>• Úsáid na Matamaitice [ÚMata]; agus</li><li>• Úsáid TFC [ÚTFC].</li></ul>
<b>An Fhoghlaim a Nascadh</b>	San Aonad Téamach seo beidh deiseanna ag múinteoirí an fhoghlaim a nascadh trasna na Réimsí Foghlama seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"><li>• Teanga agus Litearthacht</li><li>• Matamaitic agus Uimhearthacht;</li><li>• Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint;</li><li>• An Domhan Thart Orainn; agus</li><li>• Na hEalaíona.</li></ul>
<b>Aidhm</b>	Tá d'aidhm ag an Aonad Téamach seo páistí a spreagadh: <ul style="list-style-type: none"><li>• Feasacht a fhorbairt ar na míchothromaíochtaí ar fud an domhain; agus</li><li>• Tuiscint a bheith acu ar an ról atá ag daoine a dhéanann obair dheonach agus ar na fáthanna a ndéanann siad í.</li></ul>

# Tionchar

Tá an tAonad Téamach seo ceangailte le *Éicealaochra*, SFN Blianta 6&7. Tá tionchar ag gach duine againn ar an chomhshaol, ar bhonn áitiúil agus ar bhonn domhanda. San Aonad Téamach seo, foghlaimeoidh páistí faoin dóigh a dtéann na rudaí a dhéanaimid i bhfeidhm ar dhaoine agus ar ainmhithe i dtíortha eile, agus faoin tionchar dearfach is féidir a bheith againn ar an domhan.

Beidh na páistí níos eolaí ar an tionchar atá acu ar ghnáthóga in áiteanna eile ar domhan. Fiosróidh siad dóigheanna ar féidir leo ról dearfach a bheith acu.

Beidh deis ag na páistí cuid de na scileanna a chomhlíonann riachtanais Churaclam Thuaisceart Éireann ag Eochairchéim 2 a fhorbairt. Tugtar achoimre ar fhócas an aonaid thíos:

Fiosróidh na páistí:

- Éiceachórais éagsúla;
- Mórcheisteanna domhanda agus an tionchar atá acu ar an chomhshaol; agus
- An chomhfhreagracht atá orainn as an chomhshaol áitiúil agus domhanda.

<b>Cuspóir Churaclam Thuaisceart Éireann</b>	An duine óg a fhorbairt mar rannpháirtí sa gheilleagar agus sa chomhshaol.
<b>Croíghné</b>	<i>Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe</i>
<b>Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta</b>	Díríonn an tAonad Téamach seo ar <b>Smaointeoireacht, Fadhbreiteach agus Cinnteoireacht</b> . Beidh deiseanna ag na páistí: <ul style="list-style-type: none"> <li>• <i>Fianaise a scrúdú agus naisc a dhéanamh idir cúiseanna agus iarmhairtí féideartha;</i></li> <li>• <i>Níos mó ná dearcadh amháin a thuiscint;</i></li> <li>• <i>Roghanna a fhiosrú agus buntáistí agus míbhuntáistí a mheas; agus</i></li> <li>• <i>Réitigh fhéideartha ar fhadhbanna a mholadh.</i></li> </ul>
<b>Scileanna Traschuraclaim</b>	Dírítear aird ar chuspóirí foghlama a bhaineann le scileanna traschuraclaim, nuair is cuí. Is iad seo na scileanna traschuraclaim: <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cumarsáid (Cum);</li> <li>• Úsáid Matamaitice (ÚMata); agus</li> <li>• Úsáid TFC (ÚTFC).</li> </ul>
<b>An Fhoghlaim a Nascadh</b>	San Aonad Téamach seo beidh deiseanna ag múinteoirí an fhoghlaim a nascadh trasna na Réimsí Foghlama seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> <li>• An Domhan Thart Orainn;</li> <li>• Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint; agus</li> <li>• Teanga agus Lítearthacht.</li> </ul>
<b>Aidhm</b>	Tá d’aidhm ag an Aonad Téamach seo páistí a spreagadh: <ul style="list-style-type: none"> <li>• Machnamh a dhéanamh ar an dóigh ar féidir leo difear a dhéanamh;</li> <li>• Tuiscint a bheith acu ar an dóigh a bhféadfadh tionchar domhanda a bheith ag na rudaí a dhéanann siad go háitiúil; agus</li> <li>• Cur lena n-eolas faoin domhan mór trí éiceachóras/réigiún a fhiosrú.</li> </ul>



Foilseachán de chuid CCEA © 2010



**COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG  
☎ +44 (0)28 9026 1200 📠 +44 (0)28 9026 1234 📞 +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

*Rewarding Learning*